Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2024/1987

6.3.2024

**Cuireadh chun tuairimí a chur in iúl**

**(Cás M.6447 — IAG / BMI)**

**Cás a d'fhéadfadh a bheith faoi réir faireachán agus forfheidhmiú gealltanas agus leigheasanna a aistriú de bhun Airteagal 95(2) den Chomhaontú um Tharraingt Siar**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(C/2024/1987)

1. Le cinneadh C(2012) 2320 an 30 Márta 2012 bunaithe ar Airteagal 6(1)(b) i gcomhar le hAirteagal 6(2) de Rialachán Uimh. 139/2004 ón gComhairle, dhearbhaigh an Coimisiún go raibh an comhchruinniú lena bhfuair an gnóthas International Consolidated Airlines Group ('IAG', an Ríocht Aontaithe) rialú aonair ar an ngnóthas British Midlands Limited ('bmi', an Ríocht Aontaithe) comhoiriúnach leis an margadh inmheánach faoi réir coinníollacha agus oibleagáidí (na 'Gealltanais').

2. Tá an Coimisiún tagtha ar réamhthuairim go bhfuil sé oiriúnach forfheidhmiú na nGealltanas agus an faireachán a dhéantar orthu a aistriú chuig údarás iomaíochta náisiúnta ainmnithe na Ríochta Aontaithe ('CMA'), de bhun Airteagal 95(2) den Chomhaontú um Tharraingt Siar ([1]). Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

3. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

4. Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.6447 — IAG / BMI

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (IO C 384 I, 12.11.2019, lch. 1).